**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair na codanna (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

## (A) CEISTEANNA ILROGHNACHA (12 mharc)

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐
(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

***1.*** Bíonn an tsnáthaid ar chompás dírithe i gcónaí:

(a) ó thuaidh ☐ (b) ó dheas ☐
(c) soir ☐ (d) siar ☐ (1)

***2.*** Is é is dífhoraoisiú ann ná:

(a) nuair a phlandálann daoine crainn ☐ (b) nuair a dhéanann daoine staidéar ar chrainn ☐
(c) nuair a dhreapann daoine crainn ☐ (d) nuair a leagann daoine crainn ☐ (1)

***3.*** Thóg na Normannaigh in Éirinn:

(a) crannóga ☐ (b) cloigthithe ☐
(c) caisleáin chloiche ☐ (d) tuamaí pasáiste ☐ (1)

***4.*** Is é an t-aigéan ar an taobh thiar d’Éirinn ná:

(a) An tAigéan Ciúin ☐ (b) An tAigéan Atlantach ☐
(c) An tAigéan Antartach ☐ (d) An tAigéan Artach ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do stáisiún traenach ná:

(a) spota dearg ar líne dhubh ☐ (b) ciorcal agus cearnóg timpeall air ☐
(c) an litir mhór H ☐ (d) triantán dearg ☐ (1)

***6.*** Is í bratach an Aontais Eorpaigh ná:

(a) gorm le EU scríofa uirthi ☐ (b) gorm le ciorcal de réaltaí órga ☐
(c) dearg, bán agus gorm ☐ (d) gorm agus bán ☐ (1)

***7.*** Is é an gléas a úsáidtear chun teocht a thomhas ná:

(a) baraiméadar ☐ (b) méadar báistí ☐
(c) teirmiméadar ☐ (d) ainéimiméadar ☐ (1)

**8.** Is ionaid iad bainc, comhair chreidmheasa agus oifigí poist:

(a) d’airgeadas ☐ (b) d’oideachas ☐

(c) do chaitheamh aimsire ☐ (d) do thaighde ☐ (1)

**9.**

Is é seo an lógó atá ag grúpa ar a dtugtar:

(a) Fair Trade ☐ (b) Cumann na Croise Deirge ☐

(c) Concern ☐ (d) Na Náisiúin Aontaithe ☐ (1)

**10.** De ghnáth, d’fhaightí foirgnimh ar a dtugtar cloigthithe:

(a) i gcrannóg ☐ (b) i gcaisleán ☐

(c) i mainistir ☐ (d) i loch ☐ (1)

**11.** Sampla d’acmhainn **INATHNUAITE** is ea:

(a) gaoth ☐ (b) gual ☐

(c) gás ☐ (d) móin ☐ (1)

**12.** Le linn na Réabhlóide Tionsclaíche, ba é a chuireadh cumhacht ar fáil do mheaisíní ná:

(a) ola ☐ (b) gás ☐

(c) gual ☐ (d) iarann ☐ (1)

**13.**



Is é a thugtar ar thithe atá nasctha le chéile mar atá na cinn san fhótagraf seo ná:

(a) tithe leathscoite ☐ (b) tithe sraithe ☐

(c) tithe scoite ☐ (d) árasáin ☐ (1)

**14.** Is é is cumhacht na gréine ann ná:

(a) cumhacht ón ngaoth ☐ (b) cumhacht ó thonnta ☐

(c) cumhacht ó ola ☐ (d) cumhacht ó sholas na gréine ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saighdiúir nó trodaí

**NÓ**

(b) Tithe daoine saibhre nó bochta

**NÓ**

(c) Nósanna adhlactha

**NÓ**

(d) Éadaí a chaith siad

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ________________________

(6)

## (C) TRUAILLIÚ LE PLAISTIGH (6 mharc)



*Gareth Chaney/RollingNews.ie – in úsáid le caoinchead*

**In 2002, bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha ar domhan a chuir tobhach ar na málaí plaisteacha a bhí á dtabhairt amach ag ollmhargaí. Tugadh isteach an tobhach in iarracht dul i ngleic leis an truailliú agus an dochar don fhiadhúlra a bhí á dhéanamh ag málaí plaisteacha ar fud na tíre agus a bhí ag dul i méid.**

**Laghdaigh úsáid málaí plaisteacha ó 1300 milliún mála go dtí 20 milliún sa bhliain ó tugadh isteach an tobhach in 2002.**

**Tar éis cúpla bliain, thosaigh úsáid málaí plaisteacha ag fás arís. In 2013, úsáideadh 140 milliún mála plaisteach in Éirinn.**

***1.*** Tabhair sampla **AMHÁIN** den chaoi a bhféadfadh truailliú le plaistigh dochar a dhéanamh don fhiadhúlra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ (2)

***2.*** Cén fhianaise atá ann gur éirigh leis an tobhach ar mhálaí plaisteacha i dtús báire?

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ (2)

***3.*** Mol beart **AMHÁIN** a laghdódh an líon málaí plaisteacha a úsáidtear in Éirinn, b’fhéidir.

______________________________________________________________________


____________________________________________________________________ (2)


# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>NÓ</u> cuid (B)**

## (A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS **(24 marc)**





*1*. Ainmnigh **DHÁ** chontae i gCúige Uladh a plandáladh.

________________________________ agus ________________________________ (2)

*2.* Ainmnigh contae **AMHÁIN** i gCúige Uladh **NÁR** plandáladh.

________________________________________________________________ (2)

*3.* Cén baile i gCúige Uladh ar cuireadh Londain lena ainm mar thoradh ar an bPlandáil?

________________________________________________________________ (2)

*4.* Tabhair **DHÁ** chúis a raibh rí agus rialtas Shasana ag iarraidh Plandáil in Éirinn.

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________ (4)

*5.* Mínigh **DHÁ** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Gealltóir

________________________________________________________________

________________________________________________________________

Bábhún

________________________________________________________________

________________________________________________________________

Seirbheoir


________________________________________________________________

________________________________________________________________ (4)

***6.*** Cad iad na tíortha ar tháinig formhór na bplandóirí i gCúige Uladh astu?

______________________________________________________________ (2)

***7.*** Féach ar an líníocht, a thaispeánann baile plandála in Éirinn, agus freagair an cheist a leanann é:



Tabhair **DHÁ** chúis a mbeadh sé deacair an baile sa líníocht a ionsaí.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4)

***8.*** Líon isteach an t-eolas atá ar iarraidh sa tábla seo:

| | Roimh an bPlandáil | I ndiaidh na Plandála |
|---|---|---|
| An phríomhtheanga a labhraíodh | | |
| An príomhchreideamh | | |
| Rialtóirí | Tiarnaí agus taoisigh Éireannacha | Rí nó Banríon Shasana |

(4)

**NÓ**

## (B) AN BHRASAÍL SAN FHICHIÚ hAOIS (24 marc)

**Féach ar an eolas agus ar an bpictiúr thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.**

**Is féidir favelas a fháil ar imeall beagnach gach cathair sa Bhrasaíl. Nuair a aistríonn daoine chuig na cathracha, is minic nach dtuigeann siad cé chomh costasach agus atá an cíos agus cé chomh deacair agus atá sé post a íocann airgead maith a fháil. Dá bhrí sin, is in favelas a bhíonn cónaí orthu ar deireadh. Tá cuid de na daoine ina gcónaí in favelas le blianta fada agus níl siad ag iarraidh bogadh.**



***Creidiúint as an bhfótagraf: Milton Jung***

***1.*** Cén fáth gur ina gcónaí in favelas a chríochnaíonn mórán daoine i gcathracha na Brasaíle ar deireadh?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***2.*** Cad iad na hábhair thógála agus na modhanna tógála a bhí ag na daoine a thóg na favelas?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

***3.*** Mol **CEITHRE** chúis a mbogann daoine chuig na cathracha sa Bhrasaíl.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

**4.** Beidh Corn an Domhain ar siúl sa Bhrasaíl i samhradh na bliana 2014. Tá an lucht eagraithe ag iarraidh roinnt de na favelas in aice leis na staideanna peile a ghlanadh chun siúil. Féach ar na fótagraif seo agus freagair na ceisteanna thíos.





***Na fótagraif in úsáid le caoinchead rioonwatch.org***

***(a)*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil na favelas á nglanadh chun siúil dar leat.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

***(b)*** An gceapann tú go bhfuil na daoine atá ina gcónaí sna favelas sásta faoi seo? Tabhair cúis le do fhreagra.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

**5.** Tá mórán fadhbanna ag na favelas, ach tá mórán rudaí maithe ag baint leo freisin. Scríobh faoi na gnéithe dearfacha agus diúltacha de shaol an favela sa Bhrasaíl.

**Gnéithe diúltacha** (drochrudaí) a bhaineann le bheith i do chónaí in favela

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (5)

**Gnéithe dearfacha** (rudaí maithe) a bhaineann le bheith i do chónaí in favela

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________(5)

**CEIST 3**
**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)**

**Féach ar an léaráid seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**




*1.* Cá mhéad uair sa lá a chaitear ag obair sa mhuileann?

______________________________________________ (1)

*2.* Cá mhéad sos a fhaigheann na hoibrithe sa mhuileann le linn an lae?

______________________________________________ (1)

*3.* Cá fhad a bhíonn ag na hoibrithe i gcomhair dinnéir?

______________________________________________ (1)

**Léigh go cúramach an tuarascáil seo ar shláinte daoine sa Réabhlóid Thionsclaíoch, ansin freagair na ceisteanna.**

> Sa bhliain 1836-37, d'fhreastail mé ar theaghlach a raibh trí dhuine dhéag ann agus bhí an tífeas ar dháréag acu, gan leaba sa siléar, gan tuí ná scamhacháin adhmaid. Luigh siad ar an urlár agus bhí sé chomh plódaithe sin gur ar éigin a bhí ar mo chumas mo bhealach a dhéanamh eatarthu.
>
> I dteach eile, d'fhreastail mé ar cheithre othar déag. Ní raibh sa teach ach dhá leaba. Bhí na hothair ar fad, mar lóistéirí, ina luí ar chláir le linn a gcuid tinnis, gan a gcuid éadaí a bhaint díobh in aon chor.
>
> Feicfear go scuabann an bás leis triúr as gach céad i mbailecheantar Mhanchain gach bliain, le daonra de bheagnach 80,000. Ag an am céanna, ní fhaigheann ach níos lú ná duine as gach céad bás i gceantar bruachbhailteach níos rathúla.
>
> Edwin Chadwick
>
> "The Sanitary Condition of the Labouring Population of Great Britain"

***4.*** Cén galar atá ar dháréag den teaghlach a bhfuil trí dhuine dhéag ann?

______________________________________________ (1)

***5.*** Cé aige a bhfuil an ráta báis is airde, bailecheantar Mhanchain nó an ceantar bruachbhailteach?

______________________________________________ (1)

***6.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise a thaispeánann go raibh dálaí maireachtála na ndaoine seo an-dona.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***7.*** Scríobh faoi na cúiseanna a raibh sé dainséarach oibriú i monarcha i dtús na Réabhlóide Tionsclaíche.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (5)

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA (12 mharc)**

**Taispeánann an fótagraf seo trinse Briotanach i mí Mheán Fómhair 1917. Féach air agus freagair na ceisteanna thíos.**



***1.*** Tá scáthán ar bharr an raidhfil ag an bhfear a bhfuil an raidhfil aige. Cén fáth?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***2.*** An gceapann tú gur tógadh an fótagraf seo le linn catha? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Uirlisí nua troda a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda **NÓ** (b) An saol sna trinsí.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (8)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Féach ar na fótagraif agus freagair na ceisteanna thíos.**





CINCINNATI ENQUIRER

FRIDAY MORNING, NOVEMBER 11, 1938 — 26 PAGES — THREE CENTS

*Nazis Burn Property, Loot Stores Of Jews*

The New York Times.

NEW YORK, FRIDAY, NOVEMBER 11, 1938.

NAZIS SMASH, LOOT AND BURN JEWISH SHOPS AND TEMPLES

**Tharla Kristallnacht (Oíche na Gloine Briste) ar an 9ú/10ú Samhain 1938, sa Ghearmáin agus san Ostair. An oíche sin, ionsaíodh agus scriosadh gnóthais agus sionagóga Giúdacha.**

***1.*** Cén fáth ar díríodh ar ghnóthais agus ar shionagóga Giúdacha?

(2)

***2.*** Tabhair sampla **AMHÁIN** de dhlí frith-Ghiúdach a tugadh isteach i nGearmáin na Naitsithe.

(2)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Sluachampaí géibhinn **NÓ** (b) Blitzkrieg

(8)

# CEIST 4

**24 marc**

**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B).**

**TEACHT AR UISCE GLAN** **(24 marc)**

**Féach ar na fótagraif agus ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad:**





*Fótagraf le Bob Metcalf* *Fótagraf le D.O'Neil*

*An léaráid san íochtar le caoinchead ó www.turnonthetap.org.uk*

**Gheobhaidh 4,500 páiste bás inniu mar thoradh ar ghalair a bhaineann le huisce.**

Faigheann breis agus 3.4 milliún duine bás gach bliain ar chúiseanna a bhaineann le huisce, sláintíocht agus sláinteachas.

Tarlaíonn beagnach 99% de na básanna seo sa domhan atá i mbéal forbartha.




*Léaráid le caoinchead ó www.practicalaction.org*




Úsáideann cúig nóiméad de chithfholcadh níos mó uisce ná mar a úsáideann duine as sluma i dtír i mbéal forbartha i lá iomlán.

*1.* Cá mhéad páiste a gheobhaidh bás inniu ar fud an domhain mar thoradh ar ghalair a bhaineann le huisce?

______________________________________________________________________ (2)

*2.* Cá mhéad duine a fhaigheann bás ar fud an domhain gach bliain mar thoradh ar ghalair a bhaineann le huisce?

______________________________________________________________________ (2)

*3.* Tabhair sampla **AMHÁIN** de ghalar a d'fhéadfadh duine a fháil ó uisce salach a ól.

______________________________________________________________________ (2)

*4.* Dá mbeadh teacht ag gach duine sa domhan ar uisce glan, cé acu de na fíricí ar an leathanach thall nach mbeadh fíor a thuilleadh?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*5.* Cé acu de na híomhánna nó de na píosaí eolais ar an leathanach thall is mó a chuir alltacht nó ionadh ort? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

*6.* Tabhair **DHÁ** shampla den chaoi a gcuireann roinnt daoine uisce amú in Éirinn.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

*7.* Tá méadair uisce á dtabhairt isteach in Éirinn. An gceapann tú go gcuirfidh daoine níos lú uisce amú mar thoradh air seo? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

*8.* Déan cur síos ar **DHÁ** athrú dhearfacha a tharlódh mar thoradh ar sconna uisce glan a thógáil i sráidbhaile san Afraic.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

# CEIST 5

**24 marc**

**Déan deimhin go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1: 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Inis Córthaidh agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________ agus ____________________ (4)

***2.*** Ó bheith ag féachaint ar an léarscáil, marcáil na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH** de réir mar is cuí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| a. | Tá aerfort in Inis Córthaidh | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| b. | Tá stáisiún traenach in Inis Córthaidh | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| c. | Tá oifig turasóireachta in Inis Córthaidh | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| d. | Tá oifig an phoist in Inis Córthaidh | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ (4) |

***3.*** Ag úsáid na léarscáile, tabhair ainmneacha **DHÁ** phríomhbhóthar náisiúnta sa cheantar.

____________________ agus ____________________ (4)

***4.*** Ainmnigh an t-oileán atá ag S 975 318 ar an léarscáil.

________________________________________ (4)

***5.*** Cén áis do chaitheamh aimsire a bheadh le fáil agat ag S 955 385 ar an léarscáil?

________________________________________ (4)

***6.*** Ag féachaint ar an **bhFÓTAGRAF**, tá paiste mór féir ar an mbruach ar thaobh na láimhe deise den abhainn i lár an fhótagraif. Tabhair **DHÁ** chúis a gceapann tú nach ndearnadh aon tógáil air seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)